

1 Eanáir 2006 go dtí an 31 Nollaig 2006	€23,000
Ón 1 Eanáir 2007	€24,000

Carranna a ceannaíodh ar an 1 Iúil 2008 nó dá éis

Cinntear liúntais chaithimh agus chuimilte carranna (nua agus dara láimhe) a ceannaíodh ar an 1 Iúil 2008 nó dá éis de bhun tagartha d'astaíochtaí CO₂ an chairr. Déantar catagóiriú ar charranna de bhun tagartha do na bandaí astaíochtaí CO₂ a úsáidtear chun Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF) a bhunú. Is iad na figiúirí astaíochtaí CO₂ bunaidh ag tráth an mhonaraithe a chinneann an banda seachas astaíochtaí CO₂ an chairr ar dháta an chlárúcháin. Tá achoimre ar an gcóras sa tábla thíos.

Tábla 2

Grúpa	Catagóir CCF	Astaíochtaí CO ₂ (gram in aghaidh an km)	Caiteachas Incheadaithe
1	A	0–120	€24,000
	B	121–140	
	C	141–155	
2	L	156–170	50% de €24,000 nó, má tá sé níos ísle 50% den chostas iarbhír
	E	171–190	
3	F	191–225	Nialas
	G	breis agus 225	

Sampla 1

I mí na Bealtaine 2018, bhí costas €26,000 ar charr (leibhéal astaíochtaí CO₂ de 170g/km). Ní cháilíonn ach €12,000 den tsuim seo le haghaidh liúntais chaithimh agus chuimilte de réir Thábla 2. In 2018, bhí taisteal úsáide gnó de 12,000km ann agus 6,000km d'úsáid phríobháideach.

Caitheamh agus cuimilt 2018

€12,000 x 12.5% = €1,500

Faoi shrian 2/3 le haghaidh úsáid gnó = €1,000

Liúntais Iarmhéide agus Muirir Iarmhéide

Cuid den ríomh ar liúntais chaithimh agus chuimilte is ea féachaint ar cé acu an ndearnadh ró-íocaíocht nó gearríocaíocht le duine aonair as ucht caitheamh agus cuimilt ar charr nuair a tharlaíonn imeachtaí áirithe, amhail díol an chairr. Ag brath ar fháltais an díolacháin, féadfaidh sé go bhfuil aisghlámhadh i gceist de na liúntais a éilíodh roimhe nó na liúntais bhreise a d'fhéadfadh a bheith dlite. Ar an gcaoi chéanna, má rinne tú an carr a thrádáil isteach, a scrapáil nó má scoir tú den charr a úsáid chun críocha fostaíochta le linn na bliana, tá an suíomh céanna i bhfeidhm. Ní fhéadtar liúntas caithimh agus chuimilte a éileamh i leith bliana ina dtarlaíonn imeacht 'diúscartha' den chineál sin.

Sa chás go sáraíonn an díol nó fáltais eile (árachas, mar shampla) luach fanta an chairr, is é sin an costas incheadaithe lúide na liúntais a éilíodh roimh i ndáil le caitheamh agus cuimilt, tá aisghlámhadh i gceist de na liúntais iomarcacha, faoi réir uasteorainn de na liúntais a éilíodh roimhe. Tugtar 'muirear iarmhéide' air seo. Ní éiríonn muirear iarmhéide aníos sa chás nach sáraíonn na fáltais €2,000. Tá an rogha agat caitheamh le haon muirear iarmhéide mar ioncam breise sa bhliain ina n-éiríonn sí aníos, é sin nó é a fhritháireamh in aghaidh costas ceannaigh cairr athsholáthair. Sa chás go bhfuil na fáltais níos lú ná luach fanta an chairr, tá liúntais bhreise dlite cothrom leis an easnamh. Tugtar 'liúntas iarmhéide' air seo. Nuair atá muirear nó liúntas iarmhéide á ríomh, ní mór aon díol nó fáltais a choigeartú de réir na teorann costas cuí.

Sampla 2

I mí Eanáir 2016, bhí costas €16,000 ar charr (leibhéal astaíochtaí CO₂ de 120g/km) agus díoladh é i mí Iúil 2018 ar €14,000. An míleáiste gnó bliantúil ná 12,000km agus an míleáiste príobháideach bliantúil ná 6,000km. Chun críocha caithimh agus chuimilte, is é costas incheadaithe an chairr ná an teorainn costais chuí €24,000.

Is mar seo a ríomhtar an caitheamh agus cuimilt:

		Faoi shrian 2/3 le haghaidh úsáid gnó
Caitheamh agus Cuimilt 2016	€24,000 x 12.5% = €3,000	€2,000
Caitheamh agus Cuimilt 2017	€24,000 x 12.5% = €3,000	€2,000

Ríomh an Líuntais Iarmhéide nó an Mhuirir Iarmhéide:

Praghas díola	€14,000		
Praghas díola measta:	Praghas díola X teorainn chostais an chairr =	€14,000 x €24,000 =	€21,000
	<u>Praghas ceannaigh</u>	<u>€16,000</u>	
Costas incheadaithe	€24,000		
Lúide praghas díola measta	€21,000		
Cailteanas	€3,000		
Lúide caitheamh agus cuimilt a deonaíodh	€6,000		
	<u>€3,000</u> x 2/3 (úsáid gnó amháin) =		€2,000

Muirear Iarmhéide a éiríonn aníos i leith 2018

3. Costais léasaithe

Ní cheadaítear ach amháin an sciar sin de na costais léasaithe a bhaineann le húsáid gnó an chairr.

I gcás íocaíochtaí léasaithe a tabhaíodh suas leis an 30 Meitheamh 2008 agus inar sháraigh praghas bunaidh miondíola an chairr (nuair a bhí sé nua) an teorainn shonraithe (féach Tábla 1), coigeartaíodh an caiteachas feadh an sciartha a sheas an teorainn shonraithe don phraghas miondíola.

Thug an fhoirmle seo a leanas na costais léasaithe incheadaithe:

$$\text{Íocaíochtaí léasa} \quad \times \quad \frac{\text{teorainn shonraithe}}{\text{Praghas miondíola an chairr (nuair a bhí sé nua)}}$$

Mar atá i gceist le líuntais chaipitiúla, tá an córas nua CO₂ a bhfuil achoimre air thuas (féach Tábla 2) i gceist le híocaíochtaí léasa a tabhaíodh ar an 1 Iúil 2008 nó dá éis.

Sampla 3

Tógadh carr (astaíochtaí CO₂ de 156g/km) ar léas in 2018. Bhí praghas miondíola €22,000 ar an gcarr (nuair a bhí sé nua). Ba é an míleáiste gnó le haghaidh 2018 ná 15,000km agus ba é 5,000km an míleáiste príobháideach. Ba ionann €4,000 agus iomlán na n-íocaíochtaí léasa. Is mar seo a leanas a ríomhtar na costais léasaithe incheadaithe le haghaidh 2018:

$$€4,000 \times 50\% = €2,000 \times \frac{3}{4} \text{ úsáid gnó} = €1,500$$

Féach an Treoirleabhar Cánach agus Dleachta 11-00-01 ar www.revenue.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Teorainn Ama ar Éilimh Aisíocaíochta

Ní mór éileamh ar aisíocaíocht chánach a dhéanamh taobh istigh de cheithre bliana tar éis dheireadh na bliana cánach lena mbaineann an t-éileamh.

Doiciméid is gá a choinneáil

Mar gheall go bhféadfaí d'éileamh a roghnú d'iniúchadh sa todhchaí, iarrtar ort na doiciméid a bhaineann leis an éileamh seo a choinneáil ar feadh tréimhse sé bliana. Níor chóir admhálacha a thíolacadh le d'éileamh.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncainm cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncainm sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncainm ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.